



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Gnóthaí acadúla UCD
Scoil Aonad:	Sláinte Mac Léinn UCD
Teideal an Phoist & Limistéar Ábhair (más ábhartha)	Dochtúir ginearálta i seirbhís Sláinte Mac Léinn, UCD
Tréimhse an Phoist:	Cuspóir Sonraithe Sealadach Thart ar 6–9 Mí (Páirtaimseartha 0.68FTE)
Bainisteoir Líne	Stiúrthóir Sheirbhís Sláinte na Mac Léinn
Grád:	Dochtúir Ginearálta
Uimhir Thagartha an Chomórtais	019017
Riarthóir Acmhainní Daonna	Qiong Zhang
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána	TÁ

Achoimre ar an bPost:

Is seirbhís tacaíochta do mhic léinn é **Seirbhísí Sláinte Mac Léinn UCD** a chuireann coinní leighis, measúnuithe sláinte agus cóireálacha ar fáil do mhic léinn na hOllscoile ar feadh na bliana féilire iomláine. Tá daonra mac léinn ilghnéitheach de 28,000 ag an Ollscoil ó 138 tír éagsúil. Tá foireann ildisciplíneach éirimiúil de ghairmithe cúraim sláinte ag Seirbhís Sláinte na Mac Léinn le líon foirne arb ionann é agus 11 FTE. Cuireann Foireann Sheirbhís Sláinte na Mac Léinn seirbhís ar fáil a bhfuil éiteas measa, cúirtéise, rúndachta agus ionchuimsitheachta inti.

Tá ról an **Dochtúra Ghinearálta (DG)** oiriúnach do DG a bhfuil taithí aige/aici ar shuíomh laethúil an Ionaid Sláinte. Mar chuid d’fhoireann Sheirbhís Sláinte na Mac Léinn, caithfidh an GP oibriú laistigh de scóip na seirbhíse. Beidh sé/sí freagrach as cúram iomlánaíoch aonair atá dírithe ar an othar agus atá oiriúnach ó thaobh an chultúir de a sholáthar do mhic léinn. Tá sé mar aidhm againn an caighdeán is airde de chúram cliniciúil a sholáthar i gcónaí. Ba chóir go mothódh mic léinn gur caitheadh leo ar bhealach cairdiúil, gairmiúil agus cúirtéiseach agus gur tugadh aghaidh ar a gcuid riachtanas leighis. Léireoidh an DG an cumas a gcásanna othar féin a bhainistiú go féinrialaitheach agus iad ag obair go dlúth le Stiúrthóir Shláinte na Mac Léinn, dochtúirí, altraí, agus baill foirne eile de chuid Sheirbhís Sláinte na Mac Léinn chun seirbhísí cliniciúla gairmiúla éifeachtacha, éifeachtúla a sholáthar. Soláthróidh an t-iarrthóir a n-éireofar leis/léi ceannaireacht sláinte laistigh den institiúid trí rannchuidiú le tionscnaimh nuálacha sláinte, folláine agus cumarsáide laistigh den Ollscoil trí chéile. Beidh an t-iarrthóir gairmiúil, athléimneach, muiníneach. Beidh uirísle agus leibhéal ard comhbhá acu maidir le cúram othar a sholáthar. Beidh cumas cumarsáide láidir acu agus beidh siad tiomanta do shármhaitheas agus do mhachnamh chun cinn a dhéanamh maidir le feidhmeanna praiticiúla na gcoincheap, na measúnuithe agus na gcóireálacha sláinte is déanaí. Ba chóir go mbeadh iarrthóirí solúbtha, soghluaiste agus in ann oibriú go maith faoi bhrú agus mar chuid d’fhoireann.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Measúnú leighis, diagnóis agus cúram cliniciúil oilte a sholáthar do mhic léinn. An cumas a léiriú chun cinntí cliniciúla deacra féinrialaitheacha atá bunaithe ar fhianaise a dhéanamh i gcásanna casta chun an cúram leighis is sábháilte agus is éifeachtaí a chinntiú.
- Tástálacha diagnóiseacha a ordú go cuí. Torthaí na dtrialacha a léirmhíniú agus freagracht chliniciúil a ghlacadh as na tástálacha a ordaítear agus socrú a dhéanamh maidir le bearta leantacha cuí.
- Cúram láithreach a sholáthar do ghéaréigeandálaí agus do thimpistí ar an gcampas
- Diagnóis agus comhordú a dhéanamh maidir le cúram leighis agus síciatrach na mac léinn a thagann i láthair a bhfuil comharthaí meabhairghalair géara agus leanúnacha acu. Measúnú a dhéanamh ar dhaltaí

atá i mbaol féinmharaithe. Léiriú a dhéanamh ar an gcumas cinntí cliniciúla deacra féinrialaitheacha a dhéanamh i gcásanna casta meabhairshláinte agus cuidiú le hiontráil ospidéal a shocrú más gá.

- Comhairle leighis a thairiscint don Ollscoil nuair a bhíonn ráigeanna tinneas eipidéimeach nó paidéimeach ar siúl amhail an fluú, an leicneach agus Covid 19 le déanaí
- Comhairle tacaíochta leighis agus treoir a sholáthar do chomhairleoireacht, do chomhairleoirí mac léinn, do sheirbhísí tacaíochta míchumais, do bhainisteoirí dualgais, don fhoireann chónaithe agus d'UCD domhanda le haghaidh mic léinn a bhfuil tinneas casta coirp nó meabhairshláinte orthu
- Soláthróidh an t-iarrthóir a n-éireofar leis/léi ceannaireacht sláinte laistigh den institiúid trí rannchuidiú le tionscnaimh nuálacha sláinte, folláine agus cumarsáide ar fud na hOllscoile i gcoitinne agus beidh cur chun cinn na sláinte mar chuid dá gcomhairliúcháin chliniciúla
- Frithghiniúint: Seirbhísí cuimsitheacha frithghiniúna a sholáthar.
- Asma géar agus ainsealach a bhainistiú
- Éigeandálaí máinliachta: Measúnú leighis a sholáthar ar ghéaréigeandálaí máinliachta amhail géaraipindicíteas, bristeacha, agus stolltaí. Cúram leighis iarobráide a thairiscint tar éis scaoileadh saor ón ospidéal
- Cúram a sholáthar do mhná torracha. Cúram máithreachais a eagrú d'othair a bhfuil beartaithe acu leanúint lena dtoircheas. Comhairle chuimsitheach neamhchlaonta a thairiscint ar na roghanna atá ar fáil do mhic léinn a thagann i láthair le toircheas neamhbheartaithe.
- Scagadh agus cóireáil chuimsitheach a thairiscint d'ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha (STInna).
- Seirbhísí a sholáthar go cúirtéiseach agus le meas, le tuiscint ar na saincheistean sláinte a théann i bhfeidhm ar mhic léinn tríú leibhéal Éireannacha agus Idirnáisiúnta araon.
- Cúram sláinte cuimsitheach a sholáthar d'othair LADTI+ agus trasinscneacha atá oiriúnach do shainriachtanais sláinte na n-othar seo.
- Taifid othar atá cruinn agus ábhartha a thaifeadh agus a choinneáil trí úsáid a bhaint as na prótacail sheanbhunaithe cleachtais agus an córas taifead leighis ríomhairithe.
- Páirt a ghlacadh i gclínici Scagthástáil Sláinte agus vacsaínithe Heipitíteas B do mhic léinn eolaíochtaí Sláinte nua.
- Oibriú go cuiditheach agus go comhchuí le baill eile d'fhoireann Sheirbhísí Sláinte na Mac Léinn chun a chinntiú go bhfaigheann othair an cúram is fearr.
- Tacú le fíis UCD don Chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht agus a chinntiú go bhfuil na prionsabail chothroime seo i gcroílár gach rud a ndéanaimid
- Comhoibriú maidir le huainchláir a eagrú lena chinntiú gur féidir leis an tseirbhís freastal ar riachtanais cúraim sláinte na mac léinn ar feadh na bliana féilire ar fad.

Sainiúil don phost seo:

Is féidir le dochtúirí atá ag obair i seirbhís sláinte mac léinn UCD iarratas a dhéanamh chun páirt a ghlacadh i róta lasmuigh d'uaireanta oibre East Doc.

Tuarastal Seasta: €138,514 In aghaidh na Bliana Pro Rata @ 0.68 FTE

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilityto Compete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht ionchuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd a shamhlaíonn le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Cuirfear cóiríocht réasúnta ar fáil d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil sé/sí néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgaís an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- Ballraíocht de Choláiste Dochtúirí Éireann nó a chomhionann bronnta air/uirthi
- Incháilithe do chlárú le Comhairle na nDochtúirí Leighis
- 5 bliana de thaithí i gcleachtas cliniciúil
- In ann riachtanais forbartha gairmiúla cliniciúla agus iniúchta Chomhairle na nDochtúirí Leighis a chomhlíonadh.
- Taithí chliniciúil ar oibriú i bhfoireann ildisciplíneach a sholáthraíonn cúram d'aoisigh óga
- Eolas a léiriú ar na saincheisteanna sláinte a théann i bhfeidhm ar mhic léinn tríú leibhéal.
- Tuiscint a léiriú ar na saincheisteanna leighis atá roimh mhic léinn idirnáisiúnta.
- Tuiscint a léiriú ar na saincheisteanna leighis atá roimh mhic léinn faoi mhíchumas.
- Eolas agus taithí ar bhogearraí i suíomh DG
- Deimhniú tacaíochta beatha géarchairdiach reatha
- Caithfidh iarratasóirí fianaise a chur ar fáil a léiríonn ceannasaíocht agus/nó tiomantas maidir le comhionannas inscne, agus maidir leis an gclár oibre níos leithne i dtaca le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú.

Inmhianaithe:

- Sláinte na mban agus scagthástáil cheirbheacsach
- Oilte maidir le frithghiniúnaigh inchúlaithe fadghníomhaithe a chur isteach lena n-áirítear gléasanna Implanon agus gléasanna frithghiniúna lonútaracha.
- Gortuithe spóirt: Measúnú agus bainistiú matánchnámharlaigh a sholáthar ar ghortuithe géara agus ainsealacha a bhaineann le spórt, lena n-áirítear x-ghathanna nó scanta a eagrú agus a léirmhíniú. An t-othar a threorú agus monatóireacht a dhéanamh air/uirthi trína c(h)lár athshlánúcháin.
- Deirmeolaíocht: Seirbhísí cuimsitheacha deirmeolaíochta a sholáthar lena n-áirítear diagnóis agus cóireáil soiríaise, aicne, eachma, hidradenitis suppurativa, meileanóma agus urchóideachtaí craicinn eile. Atreorú cuí a shocrú nuair atá gá leis. Deirmeascópacht a úsáid chun diagnóis galair craicinn a fheabhsú.
- Tuiscint ar bhainistíocht na mac léinn a bhfuil tionchar ag a n-andúile féin nó ag andúile daoine eile ar a sláinte choirp nó mheabhrach.
- Taithí ar bhainistiú péine ainsealaí agus ar mheasúnú agus cóireáil leighis ar ghalair ainsealacha lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do dhiaibéiteas, titimeas, scléaróis iolrach, airtríteas réamatóideach, drólainníteas agus galar Crohn.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don	https://strategy.ucd.ie/

Todhchaí	
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	https://www.ucd.ie/stuhealth/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Ainm:	An Dr. Eadaoin Lysaght
Teideal:	Stiúrthóir sheirbhís sláinte na Mac Léinn
Seoladh r-phoist:	Eadaoin.lysaght@ucd.ie
Fón:	01 7163134